CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

**PREASEISIÚINT Uimh. 101/25**

**Lucsamburg, an 1 Lúnasa 2025**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-544/23 | BAJI Trans

# Cuimsítear pionós a aicmítear mar phionós riaracháin faoin dlí náisiúnta leis an bprionsabal go gcuirfear i bhfeidhm go cúlghabhálach an dlí coiriúil níos fabhraí i gcás ina bhfuil an pionós sin de chineál coiriúil de réir bhrí dhlí an Aontais

*Ní mór an prionsabal sin a chur i bhfeidhm freisin in achomharc ar phointe dlí i gcás an bhfuil an t-achomharc sin mar ghnáthchuid de na himeachtaí, gan beann ar an bhfíoras go meastar faoin dlí náisiúnta go bhfuil an cinneadh a ndírítear an t-achomharc sin ina choinne críochnaitheach*

Mar fhreagairt ar cheisteanna ó Chúirt Riaracháin Uachtarach na Slóvaice, tugann an Chúirt Bhreithiúnais treoir thábhachtach maidir leis an bprionsabal go gcuirfear i bhfeidhm go cúlghabhálach an dlí coiriúil níos fabhraí dá bhforáiltear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a bhfuil feidhm aici i ngach cás ina gcuireann údarás náisiúnta dlí an Aontais chun feidhme. Cé go bhforchoimeádtar an prionsabal sin don réimse coiriúil, ní chuirtear as an áireamh go mbeidh feidhm ag an bprionsabal sin leis an bhfíoras go bhfuil pionós aicmithe mar phionós riaracháin faoin dlí náisiúnta. Is féidir gurb amhlaidh, de bhun dhlí an Aontais, agus ar mhaithe le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an phrionsabail sin, gur gá a mheas go bhfuil pionós riaracháin de chineál coiriúil mar gheall ar chineál an chiona féin agus leibhéal déine an phionóis. Thairis sin, tá feidhm ag an bprionsabal sin fad nach bhfuil an ciontú sin tagtha chun bheith críochnaitheach. Rialaítear freisin le dlí an Aontais an cheist ar cheart a mheas go bhfuil breithiúnas críochnaitheach nó nár cheart. Ní leor an fíoras féin nach mór a mheas faoin dlí náisiúnta go bhfuil cinneadh ciontaithe críochnaitheach más féidir achomharc ar phointe dlí a dhéanamh chun cur i bhfeidhm an phrionsabail sin a chur as an áireamh.

Sa tSlóvaic, gearradh fíneáil EUR 200 ar thiománaí feithicle measctha concréite tar éis a fháil, an 4 Samhain 2015, nach ndearnadh an chigireacht thréimhsiúil éigeantach ar an tacagraif ina fheithicil. An tráth sin, d'eascair an oibleagáid sin ó dhlí na Slóvaice, i gcomhar le dlí an Aontais [1].

Dheimhnigh Cúirt Réigiúnach na Bratasláive, ar chuir an tiománaí agus an chuideachta BAJI Trans, ar leis an fheithicil measctha coincréite, an cás os a comhair, an fhíneáil sin in 2019. Rinne an tiománaí agus BAJI Trans achomarc ar phointe dlí mar sin os comhair chinneadh Chúirt Réigiúnach na Bratasláive.

Leasaíodh dlí an Aontais ina dhiaidh sin, le héifeacht ón 20 Lúnasa 2020, sa chaoi go bhféadfaidh na Ballstáit feithiclí iompair coincréit réamh-mheasctha a dhíolmhú ón oibleagáid tacagraf a bheith suiteáilte iontu [2]. Is é sin a rinne an tSlóvaic, nuair a bhí na himeachtaí achomhairc ar phointe dlí fós ar siúl. D'áitigh an tiománaí agus BAJI Trans mar sin nach raibh an méid a rinneadh i Samhain 2015 neamhdhleathach a thuilleadh agus gur cheart an fhíneáil a bhaint mar sin.

Chuir Cúirt Riaracháin Uachtarach na Slóvaice, a bhfuil an t-achomharc ar phointe dlí os a comhair, ceisteanna ar an gCúirt Bhreithiúnais faoi raon feidhme an phrionsabail go gcuirfear i bhfeidhm go cúlghabhálach an dlí coiriúil níos fabhraí dá bhforáiltear sa Chairt. Leagann sí béim air go meastar go bhfuil an cion atá i gceist ina chion riaracháin,

agus go meastar go bhfuil cinneadh chúirt réigiúnach na Bratasláive críochnaitheach, gan beann ar an bhféidearthacht achomharc a dhéanamh ina choinne.

Ar an gcéad dul síos, cinneann an Chúirt, gur chuir reachtas na Slóvaice dlí an Aontais chun feidhme, trína reachtaíocht tosaigh agus tríd an leasú a rinneadh níos déanaí, ionas go bhfuil feidhm ag an gCairt sa chás seo.

Ar an dara dul síos, leagann an Chúirt béim air go bhforchoimeádtar an prionsabal go gcuirfear i bhfeidhm go cúlghabhálach an dlí coiriúil níos fabhraí, dá bhforáiltear sa Chairt, don réimse coiriúil. É sin ráite, ní gá go gcuirtear as an áireamh cur i bhfeidhm an phrionsabail sin leis an bhfíoras go n-aicmítear pionós mar phionós riaracháin faoin dlí náisiúnta. Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an phrionsabail sin ar fud an Aontais Eorpaigh a áirithiú, is féidir dhá chritéar eile a úsáid chun pionós den sórt sin a aicmiú mar phionós coiriúil, eadhon cineál féin an chiona agus leibhéal déine an phionóis.

Ar an tríú dul síos, sonraíonn an Chúirt go nglactar leis, trí chur i bhfeidhm an phrionsabail go gcuirfear i bhfeidhm go cúlghabhálach an dlí coiriúil níos fabhraí, go léirítear leis an leasú ar an dlí athrú ar sheasamh an reachtais maidir le haicmiú coiriúil na ngníomhartha arna ndéanamh ag an duine lena mbaineann nó maidir leis an bpionós atá le cur i bhfeidhm. Sa chás seo, is amhlaidh gur athraigh reachtas na Slóvaice a sheasamh maidir leis an toil chun gníomhartha amhail iad siúd a chuirtear i gcoinne an tiománaí lena mbaineann a phionósú.

Ar an gceathrú dul síos, leagann an Chúirt béim air go bhforchoimeádtar an prionsabal go gcuirfear i bhfeidhm go cúlghabhálach an dlí coiriúil níos fabhraí, dá bhforáiltear sa Chairt, don réimse coiriúil. Ní chuirtear as an áireamh cur i bhfeidhm an phrionsabail sin leis an bhfíoras go meastar faoin dlí náisiúnta go bhfuil an ciontú sin críochnaitheach. Ní fhéadfaí a mheas go bhfuil ciontú críochnaitheach, chuige sin, nuair is féidir gnáthachomharc a dhéanamh ina choinne, eadhon aon achomharc atá mar ghnáthchuid de na himeachtaí agus atá ina chéim nós imeachta, ann féin, ar féidir le haon pháirtí a bheith ag súil leis go réasúnta. Is amhlaidh sin i gcás achomharc ar phointe dlí os comhair Chúirt Riaracháin Uachtarach na Slóvaice.

Dá réir sin, tá sé d'oibleagáid ar an gcúirt achomhairc deiridh, i prionsabal, reachtaíocht choiriúil atá fabhrach do dhéantóir ciona a chur i bhfeidhm maidir le déantóir ciona a dtagann an pionós lena mbaineann faoi chur chun feidhme dhlí an Aontais, fiú má tháinig an reachtaíocht sin i bhfeidhm i ndiaidh fhógairt an chinnidh bhreithiúnaigh a bhí ina ábhar don achomharc sin ar phointe dlí.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna d'fhógairt an bhreithiúnais ar fáil ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle an 20 Nollaig 1985 maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar, arna leasú le Rialachán (CE)

Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006.

[2] Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann suíomh le tacagraif.